# Feis Charn Tóchair 2011



## Dé Sathairn 11 Meitheamh

RIALACHA & TREOIRLÍNTE ..... 4

COMÓRTAS ÁITHIRISEOIREACHTA FILÍOCHTA ..... 7

MEÁNSCOILEANNA ..... 7

BUNSCOILEANNA (BÉARLA) ..... 7

GAELSCOILEANNA ..... 7

NAÍSCOILEANNA GAEILGE ..... 7

COMÓRTAS SCOLÁIREACHTA ..... 8

COMÓRTAS FÁINNE ..... 8

COMÓRTAS COMHRÁ ..... 8

COMÓRTAS EALAÍNE ..... 9

COMÓRTAS SCRÍBHNEOIREACHTA ..... 10

GEARRSCÉAL ..... 10

FILÍOCHT ..... 10

COMÓRTAIS CEOIL THRAIDISIÚNTA ..... 11

Fidil ..... 11

Amhránaíocht (trí Bhéarla) ..... 11

Amhránaíocht Thraidisiúnta (trí Ghaeilge) ..... 11

Feadóg Stáin ..... 11

Rogha na nDánta do Mheánscoileanna ..... 12

Rogha na nDánta do Bhunscoileanna (Bhéarla) ..... 16

Rogha na nDánta do Ghaelscoileanna ..... 19

Foirm Iontrála na múinteoirí.....27

FOIRM IONTRÁLA AN DALTA .....28

# RIALACHA & TREOIRLÍNTE

1. **Comórtas aithiriseoireachta filíochta:** Tá rogha dánta curtha ar fáil i gclár na Feise seo do gach aoisghrúpa. Tá fáilte roimh dhaltaí, áfach, dán eile a rá má tá sin níos fóirsteánaí dóibh.

2. **Comórtas Scoláireachta:** Páirtscoláireacht £200 ar fáil i ngach rannóg den chomórtas seo. Is gá páirt a ghlacadh sa chomórtas aithriseoireachta, dánta le bheith cáilithe le scrúdú cainte a dhéanamh do scoláireacht. Ní mór do na daltaí bheith ag freastal ar cheann de na scoileanna thíosluaite le páirt a ghlacadh sa chomórtas seo: Coláiste Phádraig, Machaire Rátha; Coláiste Phádraig, Dún Geimhin; Naomh Choilm, Baile na Scríne; Naomh Mhuire, Machaire Fíolta; Naomh Pius, Machaire Fíolta; Naomh Phóil, Cill Ria; Clochar Loreto, Cúil Raithin.

3. **Comórtas Fáinne:** Is siombail choitianta tras-chultúrtha é fáinne a sheasann don aontacht agus don leanúnachas. Ní bhíonn tús ná deireadh leis, ná deighilt ar bith ann, agus léiríonn sé comhlántacht agus síoraíocht.

   Tá an comórtas Fáinne oscailte do dhaltaí meánscoile agus do dhaoine fásta. Le linn an chomórtais seo beidh comhrá ag an mholtóir le gach iontrlálaí.

4. **Comórtas Comhrá:** Tugann an comórtas seo deis iontach do thuismitheoirí a bhfuil páistí acu de gach aois blaiseadh a fháil ar an dóigh ar féidir le Gaeloideachas fíordhátheangachas a chur ar fáil.

   <u>Cad é an comórtas comhrá?</u>
   Sa chomórtas seo labhraíonn an moltóir go neamhfhoirmiúil le gach páiste as Gaeilge ar réimse téamaí; na rudaí a dtaitníonn agus nach dtaitníonn leo, a dteaghlach, saol na scoile agus a gcairde. Tugann an comórtas seo léargas do thuismitheoirí ar an méid Gaeilge atá ag a bpáistí agus ar an méid Gaeilge a thuigeann siad. In amanna tarlóidh sé go dtabharfaidh na páistí is óige freagraí i mBéarla, ach léiríonn seo gur thuig an páiste an cheist a cuireadh ar an chéad dul síos. Is éacht ann féin é seo é féin ar chóir a bheith bródúil as.
   Déanfar moltóireacht ar an mhuinín agus ar scileanna cumarsáide na bpáistí, ní ar an méid Gaeilge atá acu nó ar chaighdeán Gaeilge an pháiste.

5. **Comórtas Ealaíne:** Tá téamaí agus rannóga an chomórtais ealaíne leagtha amach sa chlár imeachtaí thíos. Déan cinnte nach bhfuil na hiontrálacha níos mó ná A3. <u>Má tá scríbhneoireacht ar bith ar na pictiúir déan cinnte gur i nGaeilge atá sí.</u> Ar chúl an phictiúir amháin, déan cinnte go bhfuil an t-eolas thíos ann:

   Ainm
   Uimhir an chomórtais
   Scoil
   Rang
   Dáta Breithe
   Uimhir Theagmhála

   **Seol iontrálacha don chomórtas ealaíne chuig An Carn roimh 1 Meitheamh 2011**

6. **Comórtas Scríbhneoireachta: Gearrscéal** 500 focal (I nGaeilge) nó níos lú a scríobh. Ag leibhéal na bunscoile, thig leis na scéaltaí a bheith lámhscríofa.
   Ag leibhéal na meánscoile caithfidh na scéaltaí bheith clóbhuailte le spásáil dhúbailte idir na línte.

   Beidh fáil ag na daoine óga ríomhairí a úsáid in An Carn leis na scéaltaí a scríobh suas agus a chlóbhualadh.

Sprioccdháta:

Leibhéal na mbunscoileanna: Dé Céadaoin 1 Meitheamh 2011
Leibhéal na meánscoileanna: Dé Céadaoin 1 Meitheamh 2011

Téama: Rogha Oscailte
Déanfar measúnacht ar na gearrscéalta de réir na gcritéar seo a leanas:

Leibhéal na mbunscoileanna:
- Sainiúlacht
- Carachtair
- Forbairt an scéil
- Ealaín/ Stíl

Leibhéal na meánscoileanna
- Sainiúlacht
- Stíl
- Carachtair
- Forbairt an scéil

- Cruinneas & saibhreas Gaeilge*

* Bainfear le Eochairchéim 5 amháin.

7. **Comórtas Scríbhneoireachta: Filíocht**
   Ní feidir ach dán amháin an dalta a iontráil don rannóg seo. Téama: rogha oscailte. Ní mór an dán bheith i nGaeilge.

   Ag leibhéal na bunscoile, thig leis na dánta a bheith lámhscríofa. Ní mór do thrí véarsa a bheith ann ar a laghad.

   Ag leibhéal na meánscoile
   caithfidh na dánta a bheith clóbhuailte le spásáil dhúbailte idir na línte. Ní mór do cheithre véarsa bheith ann ar a laghad.

   Beidh fáil ag na daoine óga ríomhairí a úsáid in An Carn leis na dánta a scríobh suas agus a chlóbhualadh.

Spriocdháta:

Leibhéal na mbunscoileanna: Dé Céadaoin 1 Meitheamh 2011
Leibhéal na meánscoileanna: Dé Céadaoin 1 Meitheamh 2011

8. Tá dhá rogha d'fhoirm iontrálacha ann.

**<u>Foirm iontrála na múinteoirí</u>**
Ní mór foirm iontrála faoi leith a úsáid do gach comórtas faoi leith.

Líon isteach Ainm agus Uimhir an Chomórtais ar barr an leathanaigh agus liostaítear ainmneacha na bpáistí / daoine óga ag glacadh páirte ann. Líon isteach ar bun an leathanaigh an táille íoctha.

**Foirm Iontrála an dalta**
Ní mór foirm iontrála amháin do dhalta amhain a úsáid.
Líon isteach ainm an dalta ar bharr an leathanaigh. Líon isteach an t-eolas eile ar fad; (Ainm na scoile, Ainm an mhúinteora, Rang, seoladh r-phoist). Liostaigh Uimhir agus Ainm do gach comórtas a mbeidh an dalta ag glacadh páirte ann. Líon isteach an táille íoctha ag bun an leathanaigh.

Táille na gcomórtas: £2 an dalta.
***Ní ghlacfar le hiontrálacha sna comórtais filíochta, scoláireachta, comhrá, & ceoil thraidisiúnta níos moille ná: Dé Céadaoin 1 Meitheamh 2011**
Glacann sé  am an clár ama do lá na Feise a dhearadh.  Cuirfear na scoileanna ar eolas faoi amanna uile na gcomórtas.

Seoltar iontrálacha na gcomórtas agus táillí chuig:

Leonne Ní Loinsigh
An Carn,
Tír Chiana,
Machaire Rátha,
Co. Dhoire BT46 5NH

Déan seiceanna scríofa chuig: Coiste Forbartha Charn Tóchair

**ROIMH Dé Céadaoin 1 Meitheamh 2011**

Tuilleadh eolais ar  fail ó Leonne Ní Loinsigh: 028 7954 9978
www.ancarn.org  nó r-phost: eolas@ancarn.org

# COMÓRTAS ÁITHIRISEOIREACHTA FILÍOCHTA MEÁNSCOILEANNA

## UIMHIR AN CHOMÓRTAIS

1. Bliain 8 Dán: *Snáthaid an Phúca* le Gabriel Rosenstock
2. Bliain 9 Dán: *Fear Lasta lampaí* le Máirtín Ó Direáin
3. Bliain 10 Dán: *An Damhán Alla agus an Mhíoltóg* Nó *Icarus*
4. Bliain 11 Dán: *An Bioránach* le Gabriel Rosenstock Nó *Samhradh*
5. Bliain 12 Dán: *Ná Tabhair Aon Rud le hIthe Dóibh* le Gabriel Rosenstock Nó *Oileanaigh*
6. Bliain 13 Dán: Rogha Oscáilte

## BUNSCOILEANNA (BÉARLA)

7. Dán Rang 1- 3 *Teidí Beag Buí* Nó *Foscail a' Doras*
8. Dán Rang 4/5 *Mo Mhadra* Nó *Sobal*
9. Dán Rang.6/7 *An tOctapas* Nó *An Dreoilín Teaspaigh*

## GAELSCOILEANNA

GS01 Dán Rang 1 *Ní Dhearna Mamaí Phaidín* Nó *Frogannaí Beaga Glasa*

GS02 Dán Rang 2 *An Fhearthainn* Nó *Canann an Mactíre*

GS03 Dán Rang 3 *Ag Siopadóireacht* Nó *Slaitín Draíochta*

GS04 Dán Rang 4 *Scéal na Muice* Nó *Coinín*

GS05 Dán Rang 5 *An Seilide* Nó *Brionglóid an tSeilide*

GS06 Dán Rang 6 *Paitsín* Nó *Brionglóid an Leoin*

GS07 Dán Rang 7 *Abhainn ag Caint* Nó *Rialacha Nua*

## NAÍSCOILEANNA GAEILGE

GS08 Dán (rogha an dáin oscailte)

## COMÓRTAS SCOLÁIREACHTA (Comhrá)

10. Scrúdú scoláireachta - bl. 8
11. Scrúdú scoláireachta Bliain 8 Iardhaltaí bunscoile

12. Scrúdú scoláireachta - bl. 9
13. Scrúdú scoláireachta Bliain 9 Iardhaltaí bunscoile

14. Scrúdú scoláireachta - bl. 10
15. Scrúdú scoláireachta Bliain 10 Iardhaltaí bunscoile

16. Scrúdú scoláireachta - bl.11
17. Scrúdú scoláireachta Bliain 11 Iardhaltaí bunscoile

18. Scrúdú scoláireachta - bl. 12
19. Scrúdú scoláireachta Bliain 12 Iardhaltaí bunscoile

20. Scrúdú scoláireachta - bl. 13

## COMÓRTAS FÁINNE

21. Fáinne Airgid
22. Fáinne Óir
23. Cúpla Focal

## COMÓRTAS COMHRÁ (Naíscoileanna & Gaelscoileanna)

| | |
|---|---|
| GS09 | Naíscoil: |
| GS10 | Rang 1 |
| GS11 | Rang 2 |
| GS12 | Rang 3 |
| GS13 | Rang 4 |
| GS14 | Rang 5 |
| GS15 | Rang 6 |
| GS16 | Rang 7 |

# COMÓRTAS EALAÍNE

24. Naíscoil Téama: Rogha oscailte

25. Bunscoil (ar bith)= bl.1- 2 Téama: Laethanta saoire

26. Bunscoil (ar bith)= bl.3- 4 Téama: Laethanta saoire

27. Bunscoil (ar bith)= bl. 5-7 Téama: An Cultúr Gaelach

28. Bliain 8 - 10 Téama: An Cultúr Gaelach

29. Bliain 11 - 12 Téama: An Cultúr Gaelach

30. Bliain 13 -14 Téama: An Cultúr Gaelach

# COMÓRTAS SCRÍBHNEOIREACHTA

## GEARRSCÉAL

Comórtas do Ghaelscoileanna

GS17 Rang 3 – Rang 4

GS18 Rang 5 – Rang 7

31. Eochairchéim 3 (Comórtas do Iardhaltaí Bunscoile)

32. Eochairchéim 3 (Do dhaltaí ag foghlaim Gaeilge)

33. Eochairchéim 4 (Comórtas do Iardhaltaí Bunscoile)

34. Eochairchéim 4 (Do dhaltaí ag foghlaim Gaeilge)

35. Eochairchéim 5 (Oscáilte do chách)

## FILÍOCHT

36. Rang 5 – Rang 7

37. Eochairchéim 3 (Comórtas do Iardhaltaí Bunscoile)

38. Eochairchéim 3 (Do dhaltaí ag foghlaim Gaeilge)

39. Eochairchéim 4 (Comórtas do Iardhaltaí Bunscoile)

40. Eochairchéim 4 (Do dhaltaí ag foghlaim Gaeilge)

41. Eochairchéim 5 (Oscáilte do chách)

# COMÓRTAIS CEOIL THRAIDISIÚNTA

* ag brath ar éileamh i ngach rannóg, iarrtar ar na hiamaitheoirí port nó dhó a sheinm as rogha oscailte.

Fidil

42. Rang 4 - Rang 5 Téama: Rogha oscailte

43. Rang 6 – Rang 7 Téama: Rogha oscailte

44. Bliain 8 – Bliain 10 Téama: Rogha oscailte

45. Bliain 11 – Bliain 14 Téama: Rogha oscailte

## Amhránaíocht (trí Bhéarla)

46. Rang 3 – Rang 4 Téama: Rogha oscailte

47. Rang 5 – Rang 7 Téama: Rogha oscailte

48. Bliain 8 – Bliain 14 Téama: Rogha oscailte

## Amhránaíocht Thraidisiúnta (trí Ghaeilge)

49. Rang 3 – Rang 4 Téama: Rogha oscailt

50. Rang 5 – Rang 7 Téama: Rogha oscailte

51. Bliain 8 – Bliain 14 Téama: Rogha oscailte

## Feadóg Stáin

52. Rang 2 Téama: Rogha oscailte

53. Rang 3 – Rang 4 Téama: Rogha oscailte

54. Rang 5 – Rang 7 Téama: Rogha oscailte

55. Bliain 8 – Bliain 10 Téama: Rogha oscailte

56. Bliain 11 – Bliain 14 Téama: Rogha oscailte

## Rogha na nDánta do Mheánscoileanna

### DÁN; BLIAIN a hOCHT// Poem- Year 8.

*Snáthaid an Phúca*
Le Gabriel Rosenstock

"Tá pianta im chosa,"
Dúirt snáthaid an phúca.
Tháinig an dochtúir
"Seo dhá chiúibín siúcra;
Leigheasfaidh sé sin thú,
Ní bhfaighfidh tú bás,
Níl rud ar bith cearr leat-
Ach go bhfuil tú ag fás!"

### DÁN -BL. a 9 /poem - yr. 9

*Fear lasta lampaí*
le Máirtín Ó Direáin

Ní raibh sé mór an fear
Níor dheas a bhí ach gránna
Is cóip an bhaile mhóir
Ag fonóid faoi gan náire
Ach ghluais gan mhairg fós
Is ar chuaillí chuaigh in airde,
Ba dhraíodóir an fear beag
A raibh an solas ina ghlaic,
É ag tabhairt na gile leis
Ó lampa go lampa sráide

## DÁN; BLIAIN a DEICH / Poem-Year 10

*An Damhán Alla agus an Mhíoltóg*

'S é a dúirt an damhán alla le míoltóg bheag tráth,
"Ó, tar liom abhaile, a chréatúirín bhreá;
Tá grian gheal an tsamhraidh ag damhsa i mo theach,
Tá ithe is ól ann, nach dtiocfaidh tú isteach?"

Dúirt an créatúr díchéillí is í 'g amharc isteach,
"Is tú croí na féile, is breá liom do theach!
Ach deirtear go mbíonn tú ag ithe 's ag ól
Míoltóga mar mise, idir fhuil agus fheoil."

'S é a dúirt an damhán alla (nach é a bhí glic!),
"Is bréag mhór, dar m'anam, is bréag sin, a mhic!
Tá fíon agus feoil ann, is prátaí go leor,
Is an té a bheadh marbh, go mbeadh sé arís beo!"

Bhal, mealladh an mhíoltóg le foclaí mar sin,
Dúirt sí: "Tá mé sásta, níl amhras faoi sin;
Ní fhanfaidh mé ach tamall!" is chuaigh sí isteach,
Ach níor chuala aon duine go dtáinig sí amach!

## Nó

*Icarus*
Le Réamonn Ó Muireadhaigh

As croí na gréine
le brúchtadh is le pléascadh
bhris an fharraige
ar an domhan daonna,
bhris anamacha in éadan na mbeann,
na cruacha glasa
na tonnta cúir,
na scaileoga ag rith
thar cosa an tsaoil.

An marcach toinne
a d'éirigh aníos
as lár an aigéin
in éadan na gréine
d'fhan sé ar foluain
móimint shíoraí
is d'imigh as
i mbladhaire solais.

## DÁN ; BLIAIN a hAON DÉAG/Poem- Year 11

*An Bioránach*
Le Gabriel Rosenstock

Tá biorán ina shrón aige, tá biorán ina shrón (Tá, mo bhrón)
Ach is cuma, sé mo stór é – mo chéad míle grá
(Ní thig liom é a mhíniú … ní thuigim féin cén fáth).

Tá a chloigeann ar fad lomtha ach tá bobailín ar barr (Díreach sa lár)
Ach is cuma, sé mo stór é – mo chéad míle grá
(Más fiaile I dtuairim chách é, I mo shúile féin is bláth).

Tá muince mheirgeach lann aige timpeall a mhuiníl
("Stíl!" dar leis, "stíl!")
Ach is cuma, sé mo stór é – mo chéad míle grá
(Glacaim leis mar a fhaighim é gan má ar bith ná dá….)

Níl Béarla aige ná Gaelige ná teanga ar bith eile
(Níl aige ach seile)
Ach is cuma, se mo stór é – mo chéad mile grá
(Tá mé sásta é a léiriú agus sásta é a rá).

Nó

*Samhradh*
le Hector Rojas Herazo (translated by Áine Ní Ghlinn)

Rachaidh mé amarach ar maidin
dath liathchorcra á lorg agam sna páirceanna
is glacfaidh mé sos faoi chrann ard
le go ndéanfaidh mé comhaireamh
déanfaidh mé suimeanna móra ceolmhara
deich gcinn de mhéara ar mo lámh.
Is beidh mé ag faire ar na seangáin
bróg á creimeadh acu
faid is a bheidh na dreoilíní teaspaigh
i mbun oibre, eilitreon i ndiaidh eilitreoin,
dordán an lae á thógáil acu.

## Dán BLIAIN a DÓ DHÉAG / Poem Year 12

**Na Tabhair Aon Rud Le hIthe Dóibh!**
Le Gabriel Rosenstock

Léim spásfhirín go beo isteach im leabasa aréir,
"Cad as ar tháinig tusa? Díreach anuas ón spéir?"
"Bog isteach!" ar seisean, "táim préachta leis an bhfuacht-
Aon rud maith ar an mbosca?" "Tá' arsa mise, 'An Nuacht!"

"Bhuel cuir ar siúl láithreach é!" arsa an spásfhirín ag crith,
"Agus tabhair dom rud éigin le hithe – táim stiúgtha – rud ar bith!"
Fuair me ceapaire feola dó agus d'fhéach sé ar faoi dhó:
"Tá brón orm," arsa an spásfhirín, "rud ar bith ach bó."

Fuair mé pláta pónairí dó, sailéad agus rís
Agus d'alp sé siar an t-iomlán ag breathnú ar an teilifis:
Agus chuala mé an léitheoir nuachta: TÁ FIRÍNÍ I mBAILE ÁTHA CLIATH-
ACH NÍ DHÉANFAIDH SIAD DOCHAR DÁ LAGHAD DUIT
MÁ CHOINNÍONN TÚ AMACH IAD Ó BHIA.

## Nó

*Oileanaigh*
Le Clíodhna Cussen

Bíonn siad ag rince fós istoíche
Ag béal na trá,
Ag casadh is ag casadh ,
Ildaite faoi shoals glinn na gealaí
Mar a bhíodh muidne ag damhsa fadó
Is na fidil i dtiúin le lapadaíl na mara –
Fadó nuair a bhíodh nithe níos soiléire ná mar atá
Bhíomar ag feitheamh is ag feitheamh is ag feitheamh
Ar an bhád bán a tháinig ró-mhinic.

Taisí anios muid, fós ar na carraigeacha breaca
Cois cladaigh, mar a chumascann an fear
Leis na slatacha mara
Idir talamh slán an oileáin
Agus ríocht na sáile,
Muid ag faire idir shoals agus clap-sholas
Ar an bád bán
Atá ag teacht, cinnte, cinnte, cinnte.

# Rogha na nDánta do Bhunscoileanna (Bhéarla)

## Primary 1- 3

*Teidí Beag Buí*

Teidí beag buí,
Ina shuí ar an stól.
Teidí beag buí,
Ag ithe 's ag ól.

Teidí beag buí,
Anseo i do shuí.
Teidí beag buí,
Teidí beag buí.

Nó

*Foscail An Doras*

Foscail an Doras is amharc isteach
Tóg an laiste is siúil isteach
Suigh ar an stól, is bí ag ól
Cad é mar atá tú ar maidin?

# Primary 4/5

*Mo Mhadra*

Sin é mo mhadra,
Ina shuí ar an stól,
Bíonn sé ag ithe,
Bíonn sé ag ól.

Ólann sé bainne,
Is itheann sé arán,
Is deir sé 'bhuf', 'bhuf',
Nuair a bhíonn sé lán.

Nó

*Sobal*
Le Gabriel Rosenstock

Tá tinneas cinn im ruball,"
Arsa an Cat leis an dochtúir.
"Fan go n-ullmhóidh mé sobal,
Fan ná corraigh, a Chonchúir."
Tháinig sé ar ais ansin le báisín beag buí
A raibh uisce te le sulfar ann, "Más miste leat suí."

"Ó, ná bac, led thoil, a dhoctúir!
Nach ndéanfadh piolla beag an gnó ?"
Ní dhéanfadh," arsa an dochtúir,
"Is é am sobal an t-aon rud dó."

# Primary 6/7

*An tOchtapas*
Le Gabriel Rosenstock

Tá mé ocht inniu, arsa an tOchtapas
Is tá mo chairde ag teacht le haghaidh tae
Is breá liom bheith ocht, arsa an tOchtapas,
Beidh an chóisir againn ar a sé.

Tá mé ocht inniu, arsa an tOchtapas
Is tá mo chairde ag teacht le haghaidh tae,
Is breá liom bheith ocht, arsa an tOchtapas,
Ba sheachtapas mé inné!

Nó

*An Dreoilín Teaspaigh*
Le Gabriel Rosenstock

"Dáiríre, an maith leat an ceol sin?"
Arsa an dreoilín teaspaigh,
"An bhfuilimse maith mo dhótháin
Chan seinm os comhair easpaig?"

"Athem! Gheobhaimid an cigire,"
Arsa an bhóin Dé,
"Ní fiú faic mo thuairimse,
An dtuigeann tú mé!"

Tháinig an cigire-
An chuileog ghlas-
"Bhuel, ní thabharfainn duit onóracha,
An mbeifeá sásta le pas?"

# Rogha na nDánta do Ghaelscoileanna

## Rang 1

*Ní Dhearna Mamaí Pháidín*

Ní dhearna Mamaí Pháidín
Tóirtín úll don tae,
Mar chuala sí ó Áine
Gur mharaigh Páidín gé.

'Go deimhín', arsa Páidín,
'Níor mharaigh mise gé,
Ach phroic an gandal dána mé
Is bhuail mé é!'

Nó

*Frogannaí Beaga Glasa*

Frogannaí beaga glasa,
Frogannaí beaga buí;
Frogannaí beaga glasa,
is Mamaí Frog ina suí;
Daidí Frog ina sheasamh,
Is maide ina lámh,
Ag taispeáint do na frogannaí,
Cén dóigh le snámh!

# Rang 2

*An Fhearthainn*

Tá an fhearthainn ag titim
Ag titim go trom
Ag titim go trom
Anuas ar mo cheann
Ní maith liom an fhearthainn
Mar fliuchann sí mé
Agus caithfidh mé fanacht istigh
'Rith an lae

Nó

*Canann an Mactíre*
Le hÁine Ní Ghlinn

Rachaidh mé ag siúl sa choill
Ag siúl sa choill
Ag siúl sa choill
Rachaidh mé ag siúl sa choill ag lorg mo bhricfeasta

B'aoibhinn liomsa muicín beag
Muicín beag
Muicín beag
B'aoibhinn liomsa muicín beag mar dhinnéar nó bricfeasta
Cé hé sin ag siúl sa choill?
Ag siúl sa choill
Ag síul sa choill
Cé hé sin ag siúl sa choill? Sin é mo bhricfeasta

# Rang 3

*Ag Siopadóireacht*

"Gabh siar go dtí a' siopa dom",
A dúirt mo mhamaí liom.
"Fá choinne pionnta bainne
Agus builín d'arán donn,
Próca beag de chaife
Agus bosca de mhálaí tae,
Ó agus faigh na brioscaí céanna dom
A fuair tú dom inné".

Nó

*Slaitín Draíochta*
Le hÁine Ní Ghlinn

Tá slaitín draíochta agamsa
Déanaim spéir
Déanaim teach
Tá slaitín draíochta agamsa
Déanaim grian is gealach

Déanaim crainn agus réaltaí
Déanaim oíche
Déanaim lá
Le mo shlaitín draíochta gleoite
Déanaim tonntracha is trá

Déanaim raicéad leadóige
Déanaim liathróid's bróga peile
Ansin téann mo shlatín beag I dtaisce
isteach im mhála scoile
leis na pinn luaidhe eile

# Rang 4

*Scéal na Muice*
Le hÁine Ní Ghlinn

Thóg mé teach beag tuí
Bhí mé istigh ann i mo luí
Nuair a chuala mé an glór –
Glór an-gharbh
Glór ollmhór

*Lig isteach mé*
*Lig isteach mé*
*A chara mo chroí*
*Nó séidfidh mé is*
*Leagfaidh mé do theach beag tuí*

Ní haon chara é sin
Is mactíre é! Ó bhó!
Cén fáth nár fhan mise
Sa bhaile
Le mo Mhamaí sa chró?

Nó

*Coinín*
Le E. Ó Tuathail

Bhí coinín donn ag súgradh
Ar maidin sa mhóinéar,
Ag preabadh 's ag casadh
'S ag scinneadh tríd an bhféar.

Cluasa buí in airde
Eireaball bán ar crith,
Ach d'imigh sé as amharc
Gan fáth gan cúis ar bith.

# Rang 5

*An Seilide*

Chaill mé mo theachín
Arsa an seilide bocht
Chaill mé mo theachín
Is é a bhí go docht

Nuair a dhúisigh mé ar maidin
Bhí mé fuar gan é
D'fhéach mé i ngach áit
Ar dheis is ar chlé

Cé thóg mo theachín?
Arsa an seilide nocht
Cé thóg mo theachín?
Cé air a bhfuil an locht?

Nó

*Brionglóid an tSeilide*
Le hÁine Ní Ghlinn

Táim mór
Breathnaím isteach I súíle an tsioráif
Scanraíonn mo scáil féin mé
Táimse mór

Táim scanrúil
Teitheann an leon uaim nuair a
Chloiseann sé mo ghlór ollmhór
Táimse scanrúil

Táim tapa
Faoi mo shliogán mór tá trófaithe is boinn is
Corn Rásaíochta an Domhain
Táimse tapa

Is mise an Seilide Mór
An créatúr is mó, is tapúla,
Is scanrúla ar domhan
Rithigí uaim

# Rang 6

*Paitsín*
Le Lionard Ó hAnnaidh

Ó, tá mo chroí bhriste
Faoi scamall is brón
Mar chaill mé mo mhadra
Amuigh ar an ród.

Níor mhadra go dtí é,
É beag agus deas,
Ba chuma leis báisteach,
Nó sneachta nó teas.

Bhí cion aige ormsa
Is grá agam dó.
Ní raibh madra chomh breá leis
Ag aon duine beo.

Ach, d'fhan sé sa tsráid, lá,
Nuair a rith mé isteach,
Is ní fhaca mé Paitsín
Ón lá sin amach.

Ó, thabharfainn aon airgead,
Idir gheal agus bhuí,
Don duine a gheobhadh dom
Paitsín mo chroí.

Nó

Brionglóid an Leoin
Le hÁine Ní Ghlinn

Siúlaim tré ghairdín na ndaoine
Feicim coileáinín fir á thochas féin
Seanduine liath ag siúl suas agus síos ina chás
Déanann cailín rince dom
Caithim briosca chuici
Caochann sí súil orm
Tugaim bualadh lapa di
Sula mbuailim isteach sa bhialann
Áit a bhfaighim béile blásta
Sceallóga is méara linbh –
Béile a shásódh rí

# Rang 7

*Abhainn ag Caint*
le Peadar Ó hAnnracháin

Sruthán beag mé, sruthán beag mé,
Ó thaobh an chnoic a thagaim;
Is bím ag léimnigh is ag rith
Is am ar bith ní stadaim.

Tháinig fir is d'imigh fir
Is tiocfaidh fir is imeoidh;
Ach bhíos ag rith is táim ag rith
Is bead ag rith i gcónaí.

Aoibhinn liomsa bheith ag rith
Ag gluaiseacht liom go sásta;
An t-uisce agam á thabhairt don mhuir
Le filleadh arís mar bháisteach.

Éisitigí liom ag canadh poirt
Éistigí liom, a pháistí;
Éistigí liom ag canadh poirt
Is mé ag rith le fána.

Tháinig fir is d'imigh fir
Is tiocfaidh fir is imeoidh
Ach bhíos ag rith is táim ag rith
Is bead ag rith i gcónaí.

Nó

*Rialacha Nua*
Le hÁine Ní Ghlinn

Is mise an príomhoide nua
Dúnaigí bhur leabhair
Tá Bean Uí Bhriain san ospidéal
Í imithe glan as a meabhair

Beidh rialacha nua I bhfeidhm anois –
Cuid acu beagáinín beag éagsúil
Níl cead aon leabhar a oscailt
Mura bhfuil sé an-an-spéisiúil

Amach anseo ní bheidh againn
Ach cluichí, spórt is spraoi
Mairfidh am loin dhá uair a chloig
Agus ina dhiaidh sin rachamid a luí

Anois osclaígí na boscaí lóin
Cad é seo a fheicim? Arán?
Tá deireadh le ceapairí ar scoil
Amárach tugaigí isteach milseáin

Ach céard faoi obair bhaile?
Uair a chloig nó dhó?
Ná bíodh aon imní oraibh
Tá deireadh leis go deo!

## Foirm Iontrála na múinteoirí

Foirm ar leith do gach comórtas –Déan cóip

FEIS CHARN TÓCHAIR
(Úsáidtear bloclitreacha le do thoil)

AINM NA SCOILE:_____
Ainm An Mhúinteora_____
r-phost_____

UIMHIR & AINM AN CHOMÓRTAIS

_____

| Ainmneacha na ndaltaí | Rang |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

TÁILLE _____

## FOIRM IONTRÁLA AN DALTA
Entry Form

FEIS CHARN TÓCHAIR
(Use Block Letters Please)

FOIRM AMHÁIN DO DHALTA AMHÁIN
One form per pupil

AINM AN DALTA:_____
Name of pupil

AINM NA SCOILE:_____
Name of School

Ainm An Mhúinteora_____Rang _____
Name of Teacher Class

r-phoist_____
Email

Uimhir &Ainm an chom. _____
Number& Name of competition

Uimhir &Ainm an chom. _____
Number& Name of competition

Uimhir &Ainm an chom. _____
Number& Name of competition

Uimhir &Ainm an chom. _____
Number& Name of competition

Uimhir &Ainm an chom. _____
Number& Name of competition

Uimhir &Ainm an chom. _____
Number& Name of competition

TÁILLE INIATA: £_____
Fee Enclosed